Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2021
(OR. en)

8215/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0237(COD)**

CODEC 603
TRANS 245
CONSOM 100
PE 42

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NAnGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (athmhúnlú)<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, 26-29 Aibreán 2021) |

# I. VÓTÁIL

An 29 Aibreán 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 12262/1/20 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## P9_TA(2021)0150

## Cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2021 ar sheasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (athmhúnlú) (12262/1/2020 – C9-0011/2021 – 2017/0237(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do sheasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (12262/1/2020 – C9-0011/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Eanáir 2018[2],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[3] ar an togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2017)0548),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0045/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a fhíoraítear go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

---

2 IO C 197, 8.6.2018, lch. 66.
3 IO C 363, 28.10.2020, lch. 296.

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.